# SCÉAL ÚR

IRIS GHAELTACHT BHEAL FEIRSTE

A Luach - Real
Iml. 1. Uimh. 19.
Mean F. 3, 1966.

Arna fhoilsiú ag: FOLLUS, 11 Sráid Cawnpore, Béal Feirste, 13. Arna cló-bhualadh ag: "Donegal Democrat", Béal Atha Seanaigh, Tír Chonaill.

Cuirtear ábhar scríbhneoireachta chuig:

An tEagarthoir, FOLLUS, 11 Sráid Cawnpore, Béal Feirste, 13. Guthán 33040.

Cuirtear ábhar fógraíochta chuig: SPASCO, 29 Knockbraken Crescent, Ceathrú Aodha Dhuibh, Béal Feirste. Guthán 827720.

## Posadh Sheain Mhic Aindreasa

### Eagarthoir "Sceal Ur"



**PÓSADH Seán Mac Aindreasa, Eagarthóir 'Scéal Úr', agus Áine Ní Thiarnaigh, muinteoir Laidne i Scoil Rath Mór, an Diardaoin seo caite an 26ú, i dteach pobail Máthair na Síor Chabhrach, Deanby Gardens, Béal Feirste.**

**Sheas Adhamh Mac Giolla Chathain agus Caitlín Ní Thiarnaigh, deirfiúr na brídeoige, leo. Dúirt Eoghan Mac Tiarnaigh, uncal na brídeoige, roinnt amhráin le linn an Aifreann.**

**Bhí Áine ag caitheamh culaith an dháth beis aotrom déanta de línead-ach. Bhí an sciorta deisithe le dhá mionphléata ar chúl agus chun tosaigh. Bhí brogaí agus miotógaí den dath cheanna uirthi; agus hata 'piotal' íontach tarraingteach. Bhí a deirfiúr Caitlín ag caitheamh culaith gorm, agus hata den chíneal chéanna. Bhí an bheirt acu ag iompar blathanna samhraidh.**

**I ndiaidh bricfeasta ins an Óstan Idirnaisiúnta, d'imigh an bheirt ar mi na meala go Árann Mhór. Tuigimid go bhfuil Seán agus Áine le baint futhu i mBéal Átha Seanaigh, Co. Thír Chonaill.**

**Nuair a bunaíodh 'SCÉAL ÚR', Mí Feabhra seo, mar míosachán bhí Seán in a eagarthóir. Nuair a chonacthas do Bhórd Stiúrtha 'SCÉAL ÚR' gurbh éigin an páipéar a thabhairt amach go seachtanúil, h-íarradh ar Sheáin post lán aimsearach a ghlacadh. Rinne sé seo go fonnmhar agus tá sé in a cheann ó shóin.**

## AN BHFUIL OBAIR UAIT ?

**Ealaíontóirí a dhíth; lucht saorcheirde nó trtachtála. Bocsa 100.**

**Cuntasóirí ag teastáil; príomhchuntasóirí agus cuntasóirí cúnta. Bocsa 101.**

**Tiománaithe uainn; taithí ar fheithicli troma 'na bhuntáiste. DALUS. Bocsa 102.**

**Friotairí maithe a dhíth. Luaitear teanga (cha) agus taithí. Bocsa 103.**

**Carrchóiritheoir ag teastáil. Eolas ar innil Diesel ina bhuntáiste. Bocsa 104.**

**Freastalaithe siopa (lón-earraí earraí cruaidhe a dhíth. Bocsa 105.**

**Fir stórais a dhíth. Daoine atá maith i gcionn eagrú ábhair. Bocsa 106.**

**Scríbhneoirí a dhíth. Daoine ar féidir leo sruth ábhair a sholáthar. Bocsa 107.**

**Grianghrafadóirí a dhíth, a dhéanann obair rialta ar a gconlán féin. Bocsa 108.**

**Clóscríobhaithe a dhíth. Gaeilg bheacht sár-riachtanach. Teanga eile ina buntáiste. Luas 60 focal suas. Luathscríbhinn ina cáilíocht bhreise. Bocsa 109.**

**Cléirigh ag teastáil; eolas ar chóras oifige, choinneáil leabhar agus láimhseáil tuarastal riachtanach. Bocsa 110.**

**Tuairisceoirí a dhíth—iad abálta a bhfoinsí féin a aimsiú. Bocsa 111.**

**Díoltóirí spáis a dhíth (fir nó mná). Buntáiste é taithí nó cumas ar dhíol tré'n ghuthán. Bocsa 112.**

**Canbhasóirí a dhíth. D'fhóirfeadh bailitheoir árachais nó lucht na seiceanna siopadóireachta. Bocsa 113.**

**Díoltóirí doras-go-doras a dhíth. Luaitear cad iad na línte a díoladh agat cheana. Bocsa 114.**

**Díoltóir-thiomanaí a dhíth chun earraí a sheachadadh agus ordaithe a fháil. DALUS. Bocsa 115.**

## SIOPADOIREACHT

Is beag teach a totgtar agus cith-fholcán ann, gidh go bhfuil a lán buntáistí aige seo. Tá sé níos gaiste, (agus deir cuid níos pleisiúrtha) na folcádh coitianta, agus ní úsaidtear an oiread céanna uisce te. Do thíthe gan seomra folcaidh, is féidir cith-fholcán a thógáil gan mórán troiblóid. Is féidir foirne iomlána a fháil, le railleacha cuirtín, cuirtíní uisce-dhíonach srl. Tá rud eile le fáil atá níos saoire, tá gléas a dtig a cheangal le sconna uisce (té nó fuar) an doirteil nó an umair fholctha le cith-fholcadh a chur ar fáil. Díoltar é mar "Shampoo Spray" ó cuid siopaí mhuintir Boot's agus tá 62/- air.

## IAR-CHOIPEANNA

**SEO an chéad-chóip de "Scéal Úr" a cheannaigh tú ariamh? Tá an páipéar seo ag teacht amach ó thús Mhí Feabhra. Féadaidh tú na h-iar-chóipeanna uilig a fháil ar 6d. an ceann ach scríobh chuig FOLLUS á n-iarraidh.**

# Timpeall an Domhain

(Le "SPUTNIK")

**LONDON**

B'fhéidir go mbeidh leithscéal agat dul go London roimh i bhfád. Má tá, agus muna bhfuil eolas agat ar an cháthair, déan teagmhail leis na 'Young Ambassadors.' Gnoithe é seo atá a reachtáil ag Bobbie Keetch, iarr-pheileadóir Fulham. Ar dhá ghini dhéag cuirtear treoraí ar fáil, ní leis na gnath radharcanna a thaispeaint don chuairteoir, ach leis an chuid is speisiúla agus is "luascaí" a aimsiú.

Caidé tá úr fa dtaobh de seo go léir? Na treoraithe. Mná óga dathúla sea iad, atá, mar a deir an reamheolaire, "the liveliest of the debs and ex debs and girls who refused to be debs!"

**RHODESIA**

Má tá Kenneth Kaunda, uachtarán Zambia, sasta theacht go London fa choinne Dáil Chomhlathas na Breataine, is féidir a bheith cinnte nach mbeidh sé sasta leis na gnath rúntaí a ritheadh cheana mar gheall ar Rhodesia.

Tá sé níos soiléire anois nach leor na smachtanna a chuir Mr. Wilson i bhfeidhm i ndiaidh an chruinniú dheireannach i Lagos. Ó shoin i leith tá Smith ag taispeaint nach bhfuil rún aige a gceartanna a thabhairt don chine dhubh. Mar sin de, deirtear go n-iarraidh Kaunda ar Rialtas na Breataine cuid den arm 'sacu atá ina suí ar mhuinntir Hong Kong, Bahrein srl. a úsáid in éadan rialtas Faisistioch Rhodesia. Tífidh muid.

**ALBA**

"Tá óir ins na cnoic sin" a deir Stanley H. Browne agus é ag caint ar chonndae Sutherland. Ach ní fiú duit imeacht le pan agus sluaiseid. Gidh go bhfuil neart óir annsin, dar leis, ní féidir a thochailt mar a rinneadh sa Klondyke. Beidh innealra a dhith. Dream amháin atá ag cur speise sa scéal, Bord Forbairte na Gaidhealtachda. Má ghlacann siad pairt sa mhíneadóireacht, rachaidh an praifid chun leas mhuinntir na h-áite, chan ar nós míneadóireacht san Aifric Theas.

**CHICAGO**

Má tá baile ar bith sna Stáit atá níos measa i dtaca le géarlánúint a imirt ar an chine dubh na Cicero, níl fhios agam é. Baile é atá ar imeall Chicago, é faoi stiúr na ndrongadóirí agus na striapaigh. Comh-oibríonn 'an dlí' le sliocht seo Al Capone. Gidh go bhfuil 11,000 fear gorm ag obair ins na monarcháin, níl oiread is duine amháin auu a bhfuil teach aige ar an áit. Shocraigh Dr. Martin Luther King siúlóid agóide a reachtáil fríd an cheantar ach i ndiaidh cruinniú le Comhairle Bhardais Chicago, cuireadh an súilóid ath ló.

San raiteas a cuireadh amach dúradh nach mbeadh a thuille siúlóid ann fhad is go rabhthar ag iarraidh an dlí (1963) a choimh líonadh i dtaca le tithíocht de. Ach is doigh liom nach gcreideann aon duine gur féidir an dlí seo a choimhlíonadh le linn do na drongadóirí a bheith ag reachtáil an bhaile go fírinneach.

**DJIBOUTI**

An é go mbeidh Somali ina Algeir eile?

Ní thiocfadh le General de Gaulle óraid a dhéanamh sa chearnóg annseo an tseachtain seo caite. Tháinig 2,000 naisiúntóirí amach, i dtús baire go síochanta ach i ndiaidh ionnsuí ó na Legionnaires chun an cearnóg a ghlacadh bhris riot amach in ár maraíodh péas amháin agus gortaíodh fiche. Deirtear nach rabh na húdairisí ag dúil lena leithid. Dá mbeadh, is docha go bhféachadh siad chuige nach dtuitfeadh sé amach le linn don General bheith i láthair.

De réir tuairisc amháin i ndiaidh na trioblóide, d'ionsaigh na Legionnaires an ceantar is boichte i Djibouti. Tá an-chosúlacht idir seo agus 'glanadh amach' an Casbah san Ailgeir roinnt bliain ó shoin. Ar nós na Sasanaigh, níor fholaim na Francaigh mórán go fóill.

---

CEIRNIN LEIS AN COMUNN GAIDHEALACH

## BONN OIR '65

Tha na canainean Ceilteach den fheadhainn is sine 's is beartaiche am beul aithris 's an Roinn Eorpa. Tha na h-orain Ghaidhlig a tha so, cuid acu a thainig thugainn troimh iomadh linn a foillseachadh doimhneachd nam freumhaichean bho'm bheil ceol an t-sluaigh 'ga thogail.

Rinneadh taghadh de chuid de na choisinn duaisean aig Mod Na Leargaidh Ghallda 1965. So fonn no dha a tha cur ri neart dualchas a' Ghaidheil is Alba.

(Ta an ceirnin seo le fail 'sa' Premier, Smithfield, B.F.).

---

# Pobal

(Le "DARACH")

Má tá rud amháin ann ar féidir é a rá ó thaobh pobail, stáit, nó fiú eagraíocht, sé sin nach féidir bheith cinnte cé'n chríoch atá le bheith ar ghníomh ar bith dá ndean sé. Thig linn a rá go gcuirfimid tús le rud éigin. Ina dhiaidh sin, cionnas nach bhfuil muid abálta amharc isteach sa todhachaí ní fiú a rá nach ceart toiseacht ar rud ar an ábhar nach bhfuil muid in innimh a fheiceáil caidé an chríoch a bheas ar an bheart.

In ammanaí, agus daoine ag caint ar polaitíocht, úsáidtear samhailteacha atá in ainm a bheith 'ina gcuidiú chun na fadhbanna a shoiléiriú. I gcuid mhór cásanna sílim féin nach cuidiú ar bith iad. Mar shampla, bheadh Plato ag trácht ar bhád a's a chaiftín mar bheadh sin cosúil le pobal. Dúirt sé dá mbeadh easaontas eadar an caiftín agus an fhoireann nanch mbainfeadh an bád ceann scríbe amach ar chor ar bith. Mheas sé, mar sin, go gcaithfidh rialú an Stáit bheith cosúil le stiúir an chaiftín. Ní thiocfadh easaontas a bheith ann fá'n 'treo'! Dar ndóighe, tá cuma na fírinne air seo. Ach rinne Plato dearmad gur socraíodh ceann scríbe turas an bháid sular fhág sé an port. Ní rabh sin i dtuilleamaí ar aigne an chaiftín nó ar an fhoireann ach oiread.

Ach tá an dara laige sa tsamhailt seo. Níl treo cinnte ar leith ar nós báid ag pobal ar bith. Ar an ábhar sin fosta, ní h-ionann an cúram atá ar lucht ordaithe pobail agus caiftín —ach béidir ar dhóigh amháin, go gcaithfidh an caiftín an bád a choinneáil ó bhualadh in éadan na gcarraigeacha. Mar a gcéanna, sé príomhchúram rialtais an "Bád Stáit" a choinneáil ó dhul faoi.

Caidé mar is féidir, má tá an ceart agam, an cineál seo smaointe a chur in oiriúint dár gcuid fadhbanna féin mar bhaill phobail? Dar liom go gcaithfimid bheith sásta a oiread beartanna nua a thionscnamh agus is féidir. Ní gá dúinn a bheith buartha ceacu a bhfuil meas amadán orainn; ní gá dúinn a bheith buartha cé acu an n-éirionn le gach seift. Thig linn bheith cinnte de seo —go n-athraíonn gach nua-bheart an scéal fiú amháin má theipeann glan air. Táimid, mar Ghaeil, mar a shamhail Marx do na h-oibrithe i 1848 "Níl a dhath le cailleadh agaibh ach bhur gcuid slabhraí!"

---

## SCEIM NA gCEARDCHUMANN

Tháinig scaifte de mhuinntir Scéim na gCeardchumann go Béal Feirste deireadh na seachtaine seo caite. Is ar dinnéar agus cabaret faoi stiurú an Pike, in Óstán Wellington a bhí a dtriall. B'ionadh leo an méid Gaeilgeoirí a bhí fán bhaile seo. I ndiaidh an dinnéir chuaidh siad chuig fleadh a bhí a reachtail i gceantar Bothar na bhFál, a mhair go dtí béal na maidne. Ar an Domhnach caitheadh roinnt uair a chloig a plé cúrsaí in áit nach féidir, faraor, a lua!

---

# On Ar Leitheoiri

25 Lúnasa, 1966.

A Chara,

Tá a lán ag cur spéise i smaointe an Íosánaigh Fhrancaigh Teilhard de Chardin, eolaí agus misteach, san lá atá inniu ann. "Through his combination of wide scientific knowledge with deep religious feeling and a rigorous sense of values," dúirt Sir Julian Huxley, "he has forced theologians to view their ideas in the new perspective of evolution, and scientists to see the spiritual implications of their knowledge. He has both clarified and unified our vision of reality."

Theastaigh uaidh "spiorad an traidisiúin agus spiorad an taighde fhiontraigh a aontú le chéile," dúirt sé. Anois tá Protastúnaigh, Caitlicigh Rómhánacha agus Giúdaigh ag déanamh staidéir ar a mhachnamh i dteannta a chéile agus á spreagadh aige. Tá mná rialta, fó-chéimithe ollscoile, eolaithe, agus fiú daltaí meánscoile á léamh agus á phlé i ngrúpaí leo féin. Tá cumainn i dtíortha éagsúla chun é sin a eagrú agus a chur chun cinn—an Fondation Teilhard de Chardin agus an Association des Amis de Pierre Teilhard de Chardin san Fhrainc, cuir i gcás.

An bhfuil riar mhaith daoine in Éirinn a bhfeictear dóibh gurbh fhiú cumann Éireannach a bhunú, cumann a bheadh cleamhnaithe le cumainn i dtíortha eile? Má tá, anois an t-am dóibh é sin a rá.

Má bhunaítear cumann Éireannach, gan amhras beidh airgead ag teastáil chun obair rúnaíochta agus bollscaireacht a dhéanamh, chun cruinnithe a eagrú, chun leabharlann láir a bhunú agus chur iriseán ar fáil b'fhéidir. Maítear, mar sin, na táillí seo a leanas: baill aonair, dhá ghiní; mic léinn atá faoi bhun 25 bliana d'aois, giní amháin; grúpaí ar nós clochar, comhtháille de chúig ghiní.

Léitheoir ar bith atá sásta a bheith ina bhall de chumann dá leithéid (agus ní gá go mbeadh aon réamh-eolas ar leith aige ar Theilhard chuige sin, ar ndóigh), ar mhiste lejs é sin a chur in iúl ar **chárta** (agus a ainm agus a sheoladh scríofa air i mbloc-litreacha) don Rúnaí Sealadach, Cumann Teilhard de Chardin, Urlár 2, 139 Faiche Stiofáin, Baile Átha Cliath, 2.

Mise agat,

**Risteárd Ó Glaisne.**

Baile Átha Cliath.

---

## *CRANNCHUR CHOLAISTE CHU ULADH*

**Stáir agus Scóip an Choláiste.**

Cuireadh Coláiste Chú Uladh ar bun um Nollaig, 1965 agus reachtaileadh an chéad dá chúrsa sa tSamhradh 1966.

Ní bheidh obair an choiste teoranta do chúrsaí samhraidh dirithe ar lucht scoile. Cheana féin reachtaileadh dhá chúrsa deireadh seachtaine ceann amháin ar "Fheallsúnacht Ghluaiseacht na Gaeilge", ceann eile ar "Fhadhbanna Eacnamaíochta na Gaeltachta." Leanfar do na cúrsaí seo an Fómhar seo chugainn.

Ceantar é barr Ghleann Fhinne a ndearnadh faillí ann go dtí seo agus nach bhfuil lucht na Gaeilge róeolach air. I gcroílar na Fíor-Ghaeltachta, cluintear ann an saibhreas Gaeilge a bhain clú amach do Sheán Mac Meanman. Sé an ceantar Gaeltachta is congaraí do na Sé Condaethe é agus tabhairfidh turas 30-60 bomaite go h-áit ar bith eile sa chontae thú. Tá caitheamh aimsire do óg agus aosta ann: Siúladóireacht, dreapadóireacht, sealgaireacht, iascaireacht, páirc imeartha, rincí, oíche-anta ceoil, agus rogha cúpla trá fa 10-15 míle.

Cuirfear fearadh na fáilte roimh chuairteoirí agus lucht saoire, agus go h-áirid roimh teaghlaigh. Gach eolas faoi lóistín le fáil ó Mhícheál Mac Aodhain.

**Dala an Channchuir**

(Féach leathanach a 5).

Tá coiste an Choláiste anois ag reachtail crannchuir ar mhaithe leis an obair atá eadar lámha acu. Punt amháin atá ar gach ticéad agus tá duais £100 le fáil ag an té a bhainfeas. Tá an crannchur teoranta do 250 ticéad, rud a fhagann nach mbeidh an oiread sin seans i do éadan. Dhéanfar an tarraingt sa Highland Hotel, na Gleanntaí, Dé Máirt, an 27-9-66.

## Todhchai an tSaoil Tuaithe san Eorap — Comhdhail i Manuat o Lunasa 22-26

Bhí scolairí Eorpacha ag freastaí ar Chomhdháil a reachtáil an Cumann Eorpach fa choinne Soiceolaíocht Tuaithe i gColáiste Phádraig faoi choimirce an Institiúd Talmhaíochta.

Bhí teachtaí ann ó 16 tír sa Mhór Roinn, níos mó na 150 acu, agus cuid acu a tháinig ó Ionad Chumannach i lar na hEorpa. "Todhchaí an tSaoil Tuaithe" a bhí idir chaibidil acu.

---

## AR SAOIRE I gCARRAIG FHEARGUSA

Tá Pilib Ó Deain, ó Charraig Fheargusa, iarr bhall den Réalt, sa bhaile anois ar laethe saoire. Is múinteoir scoile é ag Scoil Athracha an Spioraid Naoimh i Sierra Leone. Is meán scoil é seo, agus tá Pilib freagarthach as Matamataic agus an Bhíobla. Fuair Pilib a chuid oideachais i gColáiste Naomh Maolmhaodhóg agus fuair sé a chéim ó Ollscoil na Ríona i mBéal Feirste. Tá a dheirfiúr Éilis i mbun Chraobh de Chonnradh na Gaeilge i gCarraig Fheargusa.

## AISTE-CHOMORTAS

Má's dálta scoile thu atá 15 blian d'aois nó ós a chionn sin, béidh faill agat duais a bhaint ach aiste 1,000 focal a scriobh ar thuras go muilleann línéadaigh. 'Siad Lindustries Ltd. atá ag eagrú na scéime seo agus is dóche go gcuirfear ciorcalláin amach chuig na scoltacha nuair a osclaítear na doirse arís i ndiaidh saoirse an tsamhraidh.

Ceithre dhuais ar fad a bhéas ann, ceann ar £50, £25, £15 agus £10. Sé an aidhm atá ag na comhluchtaí seo—tuilleadh suime a mhuscailt ins na páistí i stair agus in ionad an línéadaigh sa tuaisceart.

## CARTAI NOLLAG

De réir cuma cuirfear dhó nó thrí pingin ar luach na gcártaí Nollag i mbliana. Ciallaíonn seo go mbeidh 6 phingin le díol ar chárta a rabh 4 phingin air anuraidh. Ardú ins an Cháin Cheannuithe is cúis leis, deirtear, mar tá idir 10% agus 11% sa bhreis le díol ag siopadóirí. Ach do réir mar a thuigimid, is é an t-árdú seo ardú de 50% ar luach na gcártaí. Ní gaimbín go Nollaig. Beidh muid ag fanacht ar scéala ó Aonach na gCártaí le fáil amach an mbeidh an t-árdú mór seo i bhfeidhm ar a gcuid cártaí.

---

## CISTE CHÁIRDE "SCÉAL ÚR"

# £6,000 sa Bhliain

- atá a dhith le Scéal Úr" a fhoilsiú. Tá géar-ghá le do chuidiú-sa le costaisí tionscnaimh a ghlanadh. Cuirtear sínteanaisí chuig: An tEagarthóir, FOLLUS, 11, Sráid Cawnpore, Béal Feirste 13. Dhéanfar gach sínteanas a admháil agus foilseófar liosta na sínteanasóirí ar an pháipéar.

| | | | |
|---|---|---|---|
| An t-Ath. D. Mac Eochagáin ............... | £5 | 0 | 0 |
| An Cleir-Theach, Cois Abhann Doinne ... | £5 | 0 | 0 |

Gabhaimíd buíochas le gach duine á dtug cuidiú dúinn.

# LEATHANACH NA mBAN

## CLAR RADIO

**Dé Diardaoin** — 5.1, Ceol Rince. 5.15, The Life Of Other Days; 5.30 Children's Forum: 5.55, Weather Forecast; 6.00, The Angelus; 6.01 Nuacht Agus Caint Na Deardaoine 6.20, Announcements; 6.25, Here's The Doctor; 6.30, News; 6.45 What Are They Talking About? 7.15, Requests From The Irish Troops Overseas. 7.30, An tOileanach: 8.01, "45-33-78!" 8.30, Between Ourselves. 9.01, Hen And Harp. 9.15, Masters And Moderns. 9.45, Sceal Nua Ar An Seansceal; 10.00, Nuacht; 10.15, News; 10.30, The Fowler Sings; 10.45, Organ Recital. 11.30, News Summary.

**Dé hAoine** — 5.01, Children At The Microphone. 5.30, The Fountain Of Almazar; 5.55, Weather Forecast; 6.00, The Angelus; 6.01 Nuacht Agus Caint Na hAoine; 6.20, Announcements; 6.25, Focal On Dochtuir; 6.30, News; 6.45. Sports Stadium; 7.30, Tommy O'Brien And His Records; 8.01, The Welsh Bards; 8.15, On The Road In Munster; 8.45, Trua Mor Na Scealaiochta; 9.01, Symphony Concert; 10.00, Nuacht; 10.15, News; 10.30, Around The Town; 11.30, News Summary.

**Dé Sathairn** — 5.1, Sport sa Cheol. 5.15, Junior Sports Magazine. 5.55, Weather. 6.1, Nuacht agus Caint an tSathairn. 6.20, Announcements. 6.45, Who's News? 7.15, Recent Recordings of Irish Interest. 7.45, I Met a Man. 8.1, Dear Sir or Madam. 8.30, Not So Green. 9.1, Gala Concert Pops. 10.30, Ceili House. 11.0, Birth of a Ballad.

**Dé Domhnaigh**—10.30, Mass. 12.30, Ad Lib. 1.0, Not So Green. 1.35, Provinuial News Round-up. 2.0, Town Hall To-night. 2.45, An Coiciosan. 3.05, All-Ireland Hurling Final: Kilkenny v. Cork. 4.35, Scottish Dance Music. 4.50, Ceol Do Phaisti. 5.30, Down the Country. 5.55, Weather. 6.1, Nuacht Anall, Nuacht Abhfus. 6.25, Appeal. 6.40, Sports Time. 7.10, An Sagart Linn. 7.15, Dick Haymes Sings. 7.30, The Likes of Linnane. 8.0, Coirm Ceoil o Mhuimhnibh. 8.30, Three Radio Plays. 9.50, To Beguile the Time. 10.0, News. 10.15, Newspoint. 10.35, Music of the Nation. 11.05, Collector's Choice. 11.35, G.A.A. Results.

**Dé Luain** — 5.1, Out of Doors. 5.15, Songs With Guitar. 5.30, The Wonderful Adventures of Nils. 5.55, Weather. 6.1, Nuacht agus Caint an Luain. 6.20, Announcements. 6.45, Ireland's Top Ten. 7.15, Annso is Annsud sa Mhumhain. 7.30, What Are They Talking About? 8.1. A Corkman Looks at Dublin. 8.30, The World of Science Fiction. 8.45, The Poets as Critics. 9.1, Aeriris. 9.30, Field and Farmhouse. 10.30, Songs in the Night. 10.45, City Newsreel.

**Dé Mairt** — 5.01, Choir. 5.15, Tammy Troot Swims the Channel. 5.30, Mol an Oige. 5.55, Weather. 6.1, Nuacht agus Caint na Mairte. 6.20, Announcements; Report on Store Cattle Sales. 6.45, Requests from Overseas. 7.15, This is Your Business. 7.45, Music by Johann Strauss. 8.1, A Woman's World. 8.30, The Betrothed. 9.1, Symphony Concert. 10.30, Come All Ye Loyal Heroes. 11.0, And All That Jazz. 11.15, Unforgettable.

**Dé Ceadaoin** — 5.1. As a Boy. 5.15, Records For Children. 5.45, This Happened To Me. 5.55, Weather. 6.1, Nuacht agus Caint na Ceadaoine. 6.20, Announcements. Cattle Market Report. 6.45, Beat the Memory Men. 7.30, 7.30, An Approach to Folk Music. 8.1, Gardening Magazine. 8.30, Farmers' Forum. 9.1, Recital. 9.40, Records. 9.45, Guth Aduaidh. 10.30, Casaimis Amhran. 10.45, Take It Easy. 11.0, Pop Call.

**Dé Diardaoin** — 5.1, Ceol Rince. 5.15, The Life of Other Days. 5.30, Children's Forum. 5.55, Weather. 6.1, Nuacht agus Caint na Deardaoine. 6.20, Announcements. 6.25, Here's the Doctor. 6.45, What Are They Talking About? 7.15, Requests from the Irish Troops Overseas. 7.30, An tOileanach. 8.1, Sounds Continental. 8.30, Between Ourselves. 9.1, Sunday Tea: A short story. 9.45, Sceal Nua ar an Seansceal.



An Lanúin agus an bheirt a sheas leo.



Aine, Seán, agus cuid de slua a bhí i láthair.


SEO THIOS CUID DE NA h-EARRAI A THIG LEAT A ORDU O

**Dalus**

*Seirbhis Siopadoireachta*

Guthan 33040.

Tae, Caife, Siúichre, Salann, Im, Buíoc, Ola Cocaireachta, Blonag, Cais, Plúr, Uibheacha Púdar Bacála.

Soid Arainn, Custard, Semolina, Ris, Granphlúr, Glothach, Annraith, Annlan, Picili, Biatas, Annlan saileide.

Fion gear, Bisto, Oxo, Piobar, Spiosraí, Subh Milís, Mil, Toradh, Toradh (tirm), Toradh (stanaithe), Glasraí, Glasraí stanaithe, Feoil stanaithe.

Spaghetti, Brioscaí, Arbhar bricfeasta, Bia linbh, Uisce mianraí, Deochanna suntoraidh.

Gallúnach, Púdar gallúnaí, Foltfholcadh, Taos fiacal, Scuabanna fiacal, Naiphúdar, Páipéar leithreasa, Ciarsúirí páipéar.

Lanna rasúir, Taos bearrtha, Taos gruaige, Sprae gruaige, Taos láimhe, Vaseline, Tuaradh, Dighalran.

Nimh chuileaoige, Aerchumhráin, Elastoplast.

Toitíní, Cipiní solais, Púdair slaghdain agus tinneas cinn, Stocaí niolóin.


## Comharsanaigh

(Ar lean.) (Le GRÁINNE)

In a leithid de phobal, glactar leis go gcuidíonn do chomharsanaigh leat ar a lán dhóigheannaí beaga, agus go gcuidíonn tusa leo ar an dóigh chéanna. I sean cheantar is cuid den tradisiún an nós seo, agus glactar leis go dtabhrann daoine fa deara a chéile, go dtabhrann siad cuidiú nuair atá sé a dhith, go ndeanann siad glantóireacht agus siopadóireacht do dhuine atá tinn.

**FAOIN TUAITH**

I gceantracha tuaithe, is féidir nach dtig le feirmeacha beaga sa chomharsanacht chéanna theacht gan co-oibriú. Doigh a thig le roinnt feirmeacha beaga cuidiú lena cheile sé sin fir a chur ar fáil le obair a dhéanamh ag amanna ghnaitheacha mar shampla tógáil na bpréataí agus san fhomhair. Is féidir innealra feirme atá daor a thabhairt ar iasacht nó a roinnt idir dhá nó thrí theaghlach. Na dinnéirí nó suipéirí a bhí ariamh ag muintir na tuaithe ag deireadh an fhomhair, thug siad na comharsanaigh agus na gaoltaí, uilig le chéile a chuidigh leis an fhomhair a thabhairt isteach slan. Ach gidh gur léir é go gcuidíonn co-oibriú ar an dá thaobh, go fóill bíonn diospaireachtaí agus troideanna idir comharsanaigh a maireann ar feadh na bliantaí i gceantracha iargúlta, áiteacha a mbéifea ag dúil go dtabharfeadh daoine iarraidh ar leith a bheith cairdiúl agus caidriúl lena chéile.

**AN CHATHAIR**

Dhá áit nach cosúil go mbeadh tradisiún comharsanachta ar bith ag baint leo, siad sin ceantracha áirithe de na cathracha móra agus dúichí úra títhíochta. Is sampla maith an "ceantar seomra lán-cónaithe" i gcáthair ar bith, go h-áirid Londain, do dhúiche nach gá do dhuine ar bith bheith ina chomharsanach do dhuine ar bith eile. Thig leat bheith i do chónaí san teach chéanna le duine éigin, nó béal dorais do ar feadh tamaill fada gan bheith ina chuideachta ar chor ar bith, nó labhairt leis fiú, ach amháin an corr "Maidin mhaith duit" thar na cannaí broscair. Do dhuine óg ar mian leis a bharúlacha a léiriú, agus atá dubh dóite le teoranna an bhaile, thig leis an cineál saoirse agus dith ainm seo a bheith taitneamhach ar fad, ach tá an duine ann fosta a mbíonn uaigneas uafasach air. Ceart go leor, ní chuireann duine ar bith isteach ort, ach nach ionann sin is a rá gur cuma leo sa tsioc caide ní tú nó caidé nach ndeanann tú. Bíonn tabhacht úr leis an dá cheist —"Cé tá buartha?" agus "Cé mé féin?" Tá níos mó daoine ins na ceantracha seo a gcuireann lamh ina mbáis féin na áit ar bith eile.

**TRADISIÚN AR BITH**

Is féidir dúichí úra títhíochta a chur leath bhealaigh idir na sean ceantracha agus ceantracha soghluaiste na gcathair mór. Do na céad sealbhóirí, níl nósanna tradisiúnta ar bith ann le leanstan. Caithfidh teaghlaigh ar mian leo tradisiún a bhunadh a ndicheall a dhéanamh comh-oibriú lena cheile, agus le seo a dhéanamh, is éigin cuspóir i gcoiteann a bheith acu.

Is féidir le Pobal Feirste a lán deacrachtaí a shárú, cionnus go bhfuil aidhm i gcoiteann acu—sé sin Pobal Gaelach a chruthu. Ach is fiú dóibh áire a thabhairt ar na pointí a luaíodh.

## Ceapairi

'Earraí bia deanta suas de dhá phíosa aráin agus substaint so-ite de sheort éigin eatorrthu'. Sin an cur síos atá ag "Larrousse Gastronomique" ar an fhocal 'ceapaire, agus, ar an drochuair, tá an dearcadh chéanna ag i bhfád barraíocht daoine.

Tá trí chuid bunúsach le ceapaire, agus tá tabhacht le achan ceann acu. Ar dtús tá arán ann, an abhar is bunúsaí—thig leis a bheith donn, bán nó dubh, ach is éigin do a bheith úr. Ba cheart aird a thabhairt ar thuibhe an aráin i gcompáraid le cibe rud atá taobh istoigh.

Annsin tá im ann. Baintear úsaid as seo, chan le blas a chur leis an arán, ach leis an ábhar líonta a choinneail istoigh. Spreigh é' nuair attá sé measartha bog, ach chan róbhog. Cuir neart im ar an arán, agus spreigh go dtí na himeall é. Ar an doigh seo, greamoidh na crustaí le cheile, agus ní thiocfaidh an t-ábhar líonta amach.

I ndeireadh dála, an t-ábhar líonta. Ní cóir do seo a bheith te, nó leaghfaidh an t-im agus nuair a éirionn sé cruaidh arís cuirfidh sé cuma shamhnasach i gceart ar an cheapaire. Ní cóir do bheith rófhliuch, nó rachaidh an t-arán ar maothas. Agus is éigean do a bheith blaistaithe go díreach i gceart, nó ní bhíonn duine ar bith sasta má bhíonn air an dá thaobh de cheapaire a tharraingt óna chéile ar mhaithe le salann a chur air.

## DALUS

63, Cliftonpark Ave.,

Béal Feirste, 14.

Guthan: 33040.

A Chara,

"Dá mbeadh an Ghaeltacht slan, bheifea ag déanamh do chuid gnóithe tré Ghaeilg." Tá muid cinnte go n-aontóchaidh tú leis an mhéid sin! Ach cuir an abairt druim arais, agus tá sé comh fior ceann.

**"Má bhíonn TUSA ag déanamh do chuid gnóithe tré Ghaeilg, TÁ an Ghaeltacht slan!"**

Is cinnte go bhfuil tú ag tnúth le fada leis an seans chun sin a dhéanamh—agus seo chugat aimear ar dóigh, aimear a thiocfas fhad le doras do thoighe féin.

Le tamall anuas tá gluaisteán DALUS ag dul thart ag seachadadh earraí Grosaera, &rl., agus aon earraí eile a iarrtar. Béidh áthas ar DALUS do ainm-se a chur ar an liosta agus theacht chugat gach seachtain le cibé rud a iarrann tú.

Beir beannacht,

Gearóid Mac Cumhaill,

th/ch DALUS.

# AN BHFUIL SE INA LA ?

**Scríobh Seosamh Mac Grianna leabharthaí staire, aistí, agus scéaltaí, agus scríobh sé litríocht lena linn. Ní cuntas fuar staideartha ar thaoiseach airm i ré caite a leabhar ar "Eoghan Rua O Néill". Má's mian leat tuigbheáil a bheith agat ar pholaitíocht na Gaeltachta caithfidh tú an leabhar seo a léamh. Sé píosa as a leiríos caighdean na scríbhneoireachta agus na feallsúnachta atá ann.**

Bhí Maolmhuire mhic Mhurchaidh Mhaill Mhic Suibhne na dTuath ina luí agus gan fonn codalta air, ag tiontó go míshásta ó thaoibh go taoibh. Bhí bréidí ar a shúile; loiteadh ag Gleann Mhac Cuinn é an lá ar cuireadh an tóir ar Fheidhlimidh O Néill. Chuala sé coiscéim fán doras.

"An é sin Donnchadh Og? An bhfuil sé ina lá?"

Isteach le Donnchadh Og Mac Mhurchaidh, mhic Mhaolmhuire, mac a dhearthár. Glasógánach fionnrua a bhí ann, cosúil lena chine.

"Tá an scarthanach ann, a Mhic Suibhne," arsa seisean. "Chuaidh mé thart ar na faireacháin. Tá gach sórt mar is cóir, ach— . . ."

"Ach cad é?" arsa Maolmhuire Mac Suibhne go h-imníoch.

Choimheáid muid seal fada iad. Mheas muid gur loingis a bhí ann. Bhí ceo ar bhéal an chuain— tá mé cinnte gur loingis."

Bhí an gasúr ag caint mar bheadh a intinn in achrann.

"Sasanaigh creidim. Thig leis an chaisleán seo gunnaí maithe troma a sheasamh. Ach ní shílim go dtiocfaidh siad isteach annseo."

Tháinig oibriú ar an ghasúr.

"Nó Spáinnigh?" arsa seisean, agus a chroí ag léimnigh.

Rinne an fear a bhí sa leaba miongháire. Bhí éadóchas ins an gháire sin, agus bhí truaighe— an truaighe a bhíos ag an aois do aislingí na h-óige.

Ar ndóighe bhí cuireadh aige ó Fheidhlimidh O Néill dhul go Glasloch lá de na laethe seo, agus ní rabh seachrán ar bith air cad é an fáth; bhí fir Uladh ag déanamh go rabh an cogadh troidthe agus caillte.

Thiontaigh Donnchadh Og agus d'amhairc sé amach ar an fhuinneoig, síos Cuan na Long, go dtí an áit a rabh ceo na h-oíche ag éirí ina dhlaío gaí den Ghaineamh Mhór agus den Lurgain Riabhaigh.

Sea, a Dhonnchaidh Oig Mhic Suibhne, an bhfuil sé ina lá? An bhfuil an ceart ag an óige agus an t-éigeart ag an aois a creapladh le cuimhne na mbliantach? An bhfuil mothú ag teacht ins na marcaigh atá ina gcodladh faoi sheanchnoc Ailigh, ag feitheamh leis an ghairm a chuaidh chun dearmaid? An bhfuil ceiliúr fáth-rúnda ag neacha néallmhara fá chathaoir na rí ar an Tulaigh Oig? Is fada an t-iomrá go bhfuil fíon Spáinneach ag teacht thar sáile agus ag triall thar muir. Agus is minic a thig iontais chugainn ar an domhan seo, a bheir bréagach don chloíteacht a dtugtar ciall uirthi. Breathnaigh béal chuain, a Dhonnchaidh Oig; amharc arís ar na loingis, go bhfeice tú an bhfuil sé ina lá?


**O BRAONAIN**

**MIOTALRA**

*—OBAIR ORNAIDEACH DO AILTIRI—*

*agus do gach dream*

27B SRAID KENT - BEAL FEIRSTE

Guthan - 25575.



*SAMPLAI DE PRAGHASANNA*

**DALUS**

| | |
|---|---|
| IM (GOLDEN COW) | 3/1 |
| PONAIRI (HEINZ) | 1/2 |
| TAE (NAMBARRIE) | 1/8 |
| SIUICHRE | 1/4 |
| SUBH MILIS (Fruitfield) | 2/2 |


# BAIN CEOL AS

**An Fhéile Cheilteach**

Beidh Féile Cheilteach ar siúil i mBaile Atha Cliath ón 6ú go dtí an 23ú lá Deireadh Fómhair mar chuid den Oireachtas. Chuir Bord Fáilte ionadaithe go tíortha áirithe le "gnáth-daoine a mhealladh chuig an Oireachtas." Rinneadh tréan bolscaireachta ins an Bhreatain Bheag an tseachtain seo chuaidh thart agus fosta ins an Ghearmáin Thiar. Nítear dearmad go minic go rabh dlúth-cheangal idir an tír seo agus an Ghearmáin in anallód agus is fiú an ceangal sin a chothú athuair. Béidh muid ag súil le toradh na h-oibre seo a fheiceáil amach annseo.

**Fáilte Roimh Chuairteoirí**

Oíche Dhomhnaigh an 28ú bhí scoith oíche in Aras an Léigiún, Derryvolgie Ave. — an oíche dheireannach i mbliana de shraith de oícheannta caidrimh i gcóir cuairteoirí go h-Éirinn. Páirteach sa chlár bhí Máire de Brún, An Brathar Beausang, Séamus Mac Diarmuda, an Lagan Folk Four agus fosta Cathal Mac Carráin a's Seán Mac Domhnaill a sheinn dreas deas aigeanta ar an fhidil 's ar an phíb. I measc an lucht éisteachta bhí Art O Doibhlin agus a bhean Caitlín agus Gearóid Mac an Fhailigh a's a bhean atá sa bhaile ar chuairt. Béidh siad ag pilleadh ar an Iodáil arís roimh i bhfad. I gás Airt a's Caitlín de is ar Ontario a bhéas siadsan ag triall i gcionn míosa nó mar sin.

**Rós Thrá Lí**

Agus is i Laraine Stollerv, an tSéalainn Nua, an Rós is aille in Eirinn agus tá sí ainmnithe mar Rós Thrá Lí don bhliain reatha. Traoslaím di agus do lucht stiúrtha an fheachtais uilig. Gan amhras is ócáid mhór turasóireachta é agus deirtear gur fiú gach pingin é den £20,000 a caitheadh air i mbliana. Cúis shuime dúinn go rabh buíon cheoil as Cúige Uladh ag seinnm gach oíche ag na céilithe faoin spéir. B'iad Buíon Chéilí an Aird Rí iad a rabh tagairt daofa sa cholún seo roimhe.

**Buíon Cheoil Uladh**

Tá fógraithe ag an Chomhairle Ealaíona go bhfuilthear ag iarraidh scríobhnóirí a líonfadh nótaí faisnéise ar na cláracha ceoil don tseisiún atá le theacht. Tchím fosta ar na nuachtáin áitiúla nach bhfuil ceoltóirí na cathrach iontach sásta agus tugadh go leor postanna do mhuintir an Tuaiscirt ins an Bhuíon úr seo. Deirtear nach bhfuil ach 16 Ultach as an 68 atá roghnaithe agus is Sasanach an Bainisteoir, Mr. Donald Froud. Go fiú nach bhfuil duine a rugadh i Ceylon i ndiaidh éirí as a phost le Buíon Cheoil Shiomphóin Radio Eireann le teacht go Béal Feirste a sheinnm sa Bhuíon Uir. Is rud idirnáisiúnta an ceol go dtí go dtig cúrsaí airgid isteach sa cheist.


**Colaiste Cu Uladh**

**Barr Ghleann Fhinne**

**CRANNCHUR**

*--- sa ---*

*HIGHLAND HOTEL, NA GLEANNTAI*

DE MAIRT, 27-9-66.

| | |
|---|---|
| **Duais** | **£100** |
| **Sintius** | **£1** |

CRANNCHUR TEORANTA DO 250 TICEAD.

An Ceannfort O Callaráin, na Gleanntaí, a thug cead do

Mhícheál Mac Aodháin, Mín na Gualann, Béal an Atha Mhóir.

# LEATHANACH NA MION-FHOGRAI

## CUIDIGH LE N-AR BHFOGROIRI

## Oideachas

**INSTITIÚID AN OIDEACHAIS.** Múinteoirí de gach caighdeán a dhith fá choinne cúrsaí do leanaí agus do dhaoine fásta. Scríobh chuig: Brian O Maoileoin, 18, Hillhead Ave., B.F. 11.

## Togail agus Coiriu Ti

**D. P. JOHNSON,** Péinteoir agus Maisitheoir. Meastacháin in aisce. Obair shlachtmhar. — 29, Rodney Pde., B.F. 12. Guthán 614192.

**T. Ó DOMHNAILL,** 32, Sráid Thompson. Gach saghas tógáil, cóiriú agus athchóiriú. Meastacháin saor in aisce. Guthán: 58010.

## Tithe Osta

**INTERNATIONAL HOTEL,** Cearnóg Dhún na nGall, Theas, Béal Feirste, 1. 54 seomraí leapa. Táillí réasúnta. Seomraí príomháideacha (slí iontu do 20 - 200 duine) i gcomhair bainseacha, céilithe, dinnéaraí. Restaurant Cliúiteach. Lán-cheadúnaithe.

## Caidreamh, Tabhairni, Etc.

**AN PIKE,** gach oíche Dhiardaoin, Terry's Bar, Sráid Milford. Ceol agus cuideachta. Fáilte ar leith roimh Ghaeil.

**GARFIELD BAR,** Lr. Garfield St., Béal Feirste 1. Togha dí agus cuideachta. Fear an tí:— Pádraig Mac Mathúna.

**AN SEAN-TEACH,** príomh-áras na nGael mBéal Feirste. Cuideachta Ghaelach agus scoith na dí. 168, Sr. Albert. Fear a' tí: T. Slevin.

## Ceirnini, Leabharthai, &rl.

**PREMIER.** Gach cineál ceirnín le fáil sa PREMIER, 63/67 Smithfield Market. Guthán 30896. Ceirníní Gael-Linn agus Gael-Fonn ina measc.

**SERRIDGE.** Fáilte romhat i siopa Serridge, 93 Sráid an Chaisleáin. Guthán 25021. Gach leabhar Gaeilge le fáil annseo.

GEARR ANNSEO

*FOIRM ORDAITHE AR MHIONFHOGRA*

## Foirm Ordaithe ar Mhionfhogra

| | | |
|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 |
| 4 | 5 | 6 |
| 7 | 8 | 9 |
| 10 | 11 | 12 |
| 13 | 14 | 15 |
| 16 | 17 | 18 |
| 19 | 20 | 21 |
| 22 | 23 | 24 |

Scríobh focal in achan spás atá a dhith, gearr amach an fhoirm agus seol í chuig
**An Bainisteoir Fógraíochta,**
**FOLLUS,**
**29, Knockbracken Cres., Carryduff,**
**BEAL FEIRSTE.**

**RATAI SPAS**

6 ph. an focal per eagrán (6/- íosmhéid)
4 chur-isteach ar phraghas triúr.
Bocsaí: 1/6 breise
(postas istoigh)

Don bhainisteoir fógraíochta:
Cuir isteach mo fhógra ............................ uaire.
Seo chugat ............................ in íocaíocht air.
Tá/Níl Uimhir Bosca a dhith orm.

Ainm ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ...

Seoladh ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ...

... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ... ...

M'ás aisiúla duit é, thig leat d'fhógra a thabhairt dúinn ar an ghuthán.

**GLAOIGH 33040**

# Ceannaigh "Sceal Ur"

TÁ "SCÉAL ÚR" anois á scaipeadh ar fud na cathrach. Is féidir é a cheannacht ag ceann ar bith de na tithe pobail seo leanas gach maidin Domhnaigh:—

**NAOMH TREASA, NAOMH ÚNA, NAOMH EOIN, NAOMH PÓL, CLUAIN ÁRD, NAOMH MUIRE.**

Tá sé le fáil fosta ins na siopaí seo:—

**MARSHALL, 120, Sr. Dhún na nGall.**
**LENNON, Lána an tSéipéil.**
**SERRIDGE, 93, Sr. an Chaisleáin.**
**THE WISHING WELL, 1, Cornmarket.**
**GORDON, 29a, Sr. Dubhais.**
**McKENNA, 171, Sr. Dubhais.**
**KILFEATHER, 86, Br. na bhFál.**
**RICHARDS, 35, Sr. Cluain Ard.**
**MACKIN, 99, Br. na bhFál.**
**FAGAN, 197, Br. na bhFál.**
**WATERSON, 477, Br. na bhFál.**
**MURRAY, 79-81, Br. Andersonstown.**
**McCAMBRIDGE, 2a, Slemish Way.**
**O'NEILL, 210, Br. Andersonstown.**
**McGARRY, 77, Br. an Ghleanna.**
**CLARKE, 42, Br. an Ghleanna.**
**PREMIER, Smithfield Market.**

## *SCÉAL ÚR*

### *Iris Ghaeltacht Bheal Feirste*

Féadfaidh tú an páipéar a fháil tríd an phost ar feadh bliana ar £2-0-0. Líon an fhoirm seo agus seol arais í chuig:

FOLLUS,
11, SRAID CAWNPORE,
BEAL FEIRSTE 13.

CUIR CHUGAM "SCEAL UR" AR FEADH BLIANA.

Seic/Ordú Poist istigh ar ....................................

AINM ....................................

SEOLADH ....................................

....................................

....................................

## Saothar agus Seirbhisi

**CEARDAITHE** a dhith. Má tá ceard nó scil agat ba mhaith linn scéal suimiúil a phlé leat. Sé do leas clarú linn. Glaoigh, scríobh, no buail isteach: EADRAS, 110, North St., Béal Feirste, 1. Guthán 33040.

**SEIRBHISI OIFIGE,** gearradh stionsal i dteanga ar bith, eamhnú. EADRAS, 110, North St., B. F., 1. Guthán 33040.

**LON-EARRAI.** Bheirimid do chuid earraí grósaera agus eile chun tí chugat. Cuir do ordú chuig: An Bainisteoir, DALUS, (Seirbhís siopadóireachta), 63, Cliftonpark Ave., B.F. 14, nó glaoigh 33040.

**AMHRAN** ar bith idir fhonn agus fhocail le fáil ar ribín. Tearmaí agus tuille eolais ó: An tSeirbhís Cheoil, f/ch. FOLLUS, 11, Sr. Cawnpore, B. F. 13.

**SPASCO.** B'fhéidir nach bhfuil tú tugtha don fhear ó UNCLE ach bí ag caint leis an fhear ó SPASCO ar gach gné fograíochta. IS FIU FOGRA A CHUR AR "SCEAL UR". Glaoigh 827720 nó 33040.

## Gluaisteain, Taxi, Etc.

**MOLEY'S MOTORS,** 49, Cearnóg Victoria, Béal Feirste 1. Gluaisteáin ar fostadh. Glaoigh: 33123, go dtí an 9 p.m.

## Biotailte, Mianrai, Etc.

**Guinness Gléineach . . . .**
**i mBarr a Apaíochta.**
**ó**
**McKENNA & McGINLEY**
**Limited, Béal Feirste.**
Glaoigh 21514, 31704

# "SCEAL UR"

## Ratai Fograiochta Faoi Lathair

OIFIG: 110a NORTH ST., BÉAL FEIRSTE, 1.

Guthán: 33040.
Eagarthoir: SEÁN MAC AINDREASA;
Bainisteoir Fograíochta: D. Ó hAGAIN.

* * * *

## RATAI FOGRAIOCHTA

| | | | |
|---|---|---|---|
| MIONFHOGRA BLIANA ... ... ... ... | £13 | 10 | 0 |
| COL. ORLAIGH BLIANA ... ... ... ... | £35 | 0 | 0 |
| COLUN ORLAIGH ... ... ... ... ... | £1 | 0 | 0 |
| ⅛ LEATHANAIGH ... ... ... ... ... | £7 | 10 | 0 |
| ¼ LEATHANAIGH ... ... ... ... ... | £15 | 0 | 0 |
| ½ LEATHANAIGH ... ... ... ... ... | £25 | 0 | 0 |
| 1 LEATH. IOMLAN ... ... ... ... ... | £45 | 0 | 0 |

CHEAD LEATHANACH: 15% BREISE.
LACAISTI AR SHREATHANNA.

* * * *

## SCEAL UR

* Foilsiodh an chead eagran de SCÉAL ÚR i Mí Feabhra, 1966. Ce gur do Ghaeilgeoiri Bhéal Feirste a foilsithear e, leitear an páipéar ar fud na hÉireann agus in Albain agus tá sé a leamh ag Gaeil (Éireannacha agus Albanacha) i Sasain agus i dtiortha eile fosta.
* Ní páipéar do Ghluaiseacht na Gaeilge ach do phobal Gaeilge é, agus ar an abhar sin ní dearcadh teoranta eagraíochta a leiritear ann.
* Bíonn nuaíocht roghnaithe ann nach bhfuil ar fáil in irisí eile. Ní ghlacann sé áit irise ar bith eile Gaeilge agus ní aithris ar iris ar bith eile. e Cuireann sé le raon an abhar leitheoireachta a bhfuil riachtanas leis agus eileamh air imeasc phobal na Gaeilge.

* * * *

★ **FOILSITHE AR AN SATHARN**

★ **LUACH: 6ph.**

★ **Foilsithe ag FOLLUS,**
**11, Sr. Cawnpore, Béal Feirste, 13.**

Clobhuailte ag an "Donegal Democrat."